2026/2264

8.10.2026

CINNEADH (CBES) 2026/2264 ÓN gCOMHAIRLE

an 8 Deireadh Fómhair 2026

lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 17 Márta 2014, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2014/145/CBES ([1]).

(2) Sna conclúidí uaithi an 18 agus an 19 Meitheamh 2026, d'athdhearbhaigh an Chomhairle Eorpach a tacaíocht dhaingean bhuanseasmhach leanúnach do neamhspleáchas, ceannasacht agus iomláine chríochach na hÚcráine laistigh dá teorainneacha a aithnítear go hidirnáisiúnta. Chuir an Chomhairle Eorpach in iúl go leanfaidh an tAontas, i gcomhar le comhpháirtithe agus comhghuaillithe atá ar aon intinn leis, de thacaíocht chuimsitheach pholaitiúil, airgeadais, eacnamaíoch, dhaonnúil, mhíleata agus taidhleoireachta a sholáthar don Úcráin agus dá muintir. Cháin an Chomhairle Eorpach go láidir an géarú tromchúiseach a rinne an Rúis le déanaí, lena n-áirítear ionsaithe mórscála diúracán agus ladrann ar shibhialtaigh san Úcráin. Chuir an Chomhairle Eorpach in iúl freisin go bhfuil an tAontas réidh chun dlús a chur leis an mbrú atá ar an Rúis, lena n-áirítear trí smachtbhannaí breise a ghlacadh.

(3) I bhfianaise a thromchúisí atá an staid, measann an Chomhairle gur cheart duine amháin a chur le liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh 2014/145/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

([1]) Cinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO L 78, 17.3.2014, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2014/145(1)/oj).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

T. BYRNE

Cuirtear an duine seo a leanas le liosta na ndaoine, na n-eintiteas, agus na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014:

Daoine

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
‘2121.	Olga Alekseevna BELYAVTSEVA Rúisis: Ольга Алексеевна БЕЛЯВЦЕВА	Post: bean ghnó, fiontraí, úinéir na gcuideachtaí Agronom-Sad, Biplast, Assol, Everest, Evermount Capital Group Dáta breithe: 25.10.1969 Áit Bhreithe: Lipetsk, PSS na Rúise roimhe seo (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: baineann Pasuimhir: 768613166 (Cónaidhm na Rúise)	Is bean ghnó Rúiseach, fiontraí agus úinéir Agronom Sad, Biplast, Assol, Everest agus Evermont Capital Group í Olga Alekseevna Belyavtseva. Bíonn a cuideachtaí ag feidhmiú sna hearnálacha talmhaíochta, monaraíochta, airgeadais, comhairliúcháin, tógála agus réadmhaoine. De réir a bhfuil ráite aici féin, tá ról ceannródaíoch ag Agronom Sad san earnáil talmhaíochta sa Rúis agus tá fóirdheontais faighte aige ó rialtas na Rúise. Dá bhrí sin, tá Olga Alekseevna Belyavtseva ina duine gnó mór le rá a bhíonn ag feidhmiú sa Rúis agus atá rannpháirteach in earnálacha eacnamaíocha ar foinse shuntasach ioncaim iad do rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	8.10.2026’